An rás go dtí Áras an Uachtaráin

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi fheachtas na n-iarrthóirí don Uachtaránacht. Sula bhféachann tú ar an tuairisc an féidir leat féin agus an duine in aice leat na focail Ghaeilge atá le fáil sa mhír a cheangal leis na focail Bhéarla thíos.

1. supporters	*a. Coláiste Ríoga na Lianna*
2. she earned	*b. cáiníocóir*
3. Royal College of Physicians	*c. táillí stiúrthóireachta*
4. directorate fees	*d. seanmóireacht*
5. preaching	*e. saoránacht Éireannach*
6. election campaign	*f. infheistíocht*
7. commemoration	*g. lucht tacaíochta*
8. investment	*h. comóradh*
9. clemency letters	*i. ag stocaireacht*
10. campaigning	*j. iar-pháirtí*
11. Irish citizenship	*k. litreacha trócaire*
12. ex-partner	*l. feachtas toghchánaíochta*
13. taxpayer	*m. shaothraigh sí*

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10	11	12	13

Ceist 2 Féachaigí ar an mhír uair amháin le feiceáil an raibh an ceart agaibh.

Ceist 3 Anois féach ar an mhír den dara huair agus ceangail na pointí eolais leis na hiarrthóirí cuí ón chiorcal. Tá an chéad cheann déanta duit.

Sheol an Taoiseach feachtas Uachtaránacht an duine seo.
Gay Mitchell

Bhí brón air faoin mhéid conspóide a bhain le litreacha duine eile agus cúlra duine eile.

_____

Beidh an duine seo ag díriú ar phoist agus ar infheistíocht.

_____

Ba mhaith leis cuidiú le daoine gan dídean agus é ina Uachtarán.

_____

D'fhoilsigh an duine seo na sonraí a bhaineann leis an mhéid airgid a shaothraigh sí le deich mbliana anuas.

_____

Bhí an duine seo i Nás na Rí inniu.

_____

Ceist 4 '...go raibh sí sásta <u>a seanmóireacht</u> féin a chleachtadh...'

(a) Cén ghné den ghramadach atá i gceist leis na focail a bhfuil líne fúthu?

(b) Roghnaigh an fhoirm cheart den fhocal ***seanmóireacht*** le cur sna bearnaí thíos:

Bhí sé sásta a _____ féin a chleachtadh.
Bhí mé sásta mo _____ féin a chleachtadh.
Bhí tú sásta do _____ féin a chleachtadh.
Bhí muid sásta ár _____ féin a chleachtadh.
Bhí sibh sásta bhur _____ féin a chleachtadh.
Bhí siad sásta a _____ féin a chleachtadh.

(c) Anois, líon na bearnaí sna habairtí seo ach bí cúramach – is gá an aidiacht shealbhach cheart a roghnú chomh maith. Féach faoi (b) thuas chun cuidiú leat.

gcótaí	chóta	
gcótaí		cóta
chóta	chóta	gcótaí

Tá brón ar an bhfear ___ _____ a chailleadh.
Tá brón ar an mbean ___ _____ a chailleadh.
Tá brón orm ___ _____ a chailleadh.
Tá brón ort ___ _____ a chailleadh.
Tá brón orainn ___ _____ a chailleadh.
Tá brón oraibh ___ _____ a chailleadh.
Tá brón ar na cailíní ___ _____ a chailleadh.

Ceist 5 (a) Cad is brí le ‘caol le caol’ agus ‘leathan le leathan’?

(b) Roghnaigh ón bhosca an deireadh ceart a oireann do na focail:



Uachtarán_____
stiúrthóir_____
eagr_____
seanmóir_____
toghchán_____
infheist_____
stocair_____
saorán_____

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat nó le do ghrúpa:

Cé hé nó hí an t-iarrthóir is mó a thaitníonn leat? Cén fáth?

Cé hé nó hí an t-iarrthóir is lú a thaitníonn leat? Cén fáth?

An síleann tú go raibh Máire Mhic Giolla Íosa ina hUachtarán maith? Cén fáth?

Freagraí

Ceist 1 agus Ceist 2

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10	11	12	13
g	**m**	**a**	**c**	**d**	**l**	**h**	**f**	**k**	**i**	**e**	**j**	**b**

Ceist 3

Sheol an Taoiseach feachtas Uachtaránacht an duine seo.
Gay Mitchell
Bhí brón air faoin mhéid conspóide a bhain le litreacha duine eile agus cúlra duine eile.
Seán Gallagher
Beidh an duine seo ag díriú ar phoist agus ar infheistíocht.
Martin McGuinness
Ba mhaith leis cuidiú le daoine gan dídean agus é ina Uachtarán.
Mícheál D. Ó hUigínn
D'fhoilsigh an duine seo na sonraí a bhaineann leis an mhéid airgid a shaothraigh sí le deich mbliana anuas.
Mary Davis
Bhí an duine seo i Nás na Rí inniu.
David Norris

Ceist 4 (a)

An aidiacht shealbhach

Ceist 4 (b)

Bhí mé sásta mo **sheanmóireacht** féin a chleachtadh.
Bhí tú sásta do **sheanmóireacht** féin a chleachtadh.
Bhí sé sásta a **sheanmóireacht** féin a chleachtadh.
Bhí muid sásta ár **seanmóireacht** féin a chleachtadh.
Bhí sibh sásta bhur **seanmóireacht** féin a chleachtadh.
Bhí siad sásta a **seanmóireacht** féin a chleachtadh.

Ceist 4 (c)

Tá brón orm **mo chóta** a chailleadh.
Tá brón ort **do chóta** a chailleadh.
Tá brón ar an bhfear **a chóta** a chailleadh.
Tá brón ar an mbean **a cóta** a chailleadh.
Tá brón orainn **ár gcótaí** a chailleadh.
Tá brón oraibh **bhur gcótaí** a chailleadh.
Tá brón ar na cailíní **a gcótaí** a chailleadh.

Ceist 5 (a)
Tá gach consan i nGaeilge caol nó leathan. Má thagann guta caol (e/i) roimh chonsan nó tar éis is féidir a rá gur consan caol é. Má thagann guta leathan (a/o/u) roimh chonsan nó tar éis is féidir a rá gur consan leathan é. Caithfidh go mbeidh cothromaíocht ann i bhfocail Ghaeilge, is é sin le rá, má bhíonn guta caol roimh chonsan caithfidh guta caol a bheith ina dhiaidh. Mar an gcéanna, má bhíonn guta leathan roimh chonsan caithfidh guta leathan teacht ina dhiaidh. Mar shampla:

bábóg báidín

Ceist 5 (b)
Uachtarán*acht*
stiúrthóir*eacht*
eagr*aíocht*
seanmóir*eacht*
toghchán*aíocht*
infheist*íocht*
stocair*eacht*
saorán*acht*

Ceist 6
Abair leis na foghlaimeoirí na ceisteanna a phlé ina mbeirteanna nó i ngrúpaí.

Eimear Ní Chonaola
Sheol an Taoiseach feachtas Uachtaránachta Gay Mitchell go hoifigiúil inniu agus d'iarr ar lucht tacaíochta Fhine Gael tacú leis. D'fhoilsigh Mary Davis sonraí faoin méid a shaothraigh sí le deich mbliana anuas agus d'iarr ar na hiarrthóirí eile amhlaidh a dhéanamh.

Siún Nic Gearailt
Bhí formhór na n-iarrthóirí amuigh i mbun feachtais[i] ar an dara seachtain den fheachtas[ii] Uachtaránachta. Bhailigh cuid acu i gColáiste Ríoga na Lianna in Éirinn. Dúirt an t-iarrthóir Mary Davis go bhfuair sí os cionn trí chéad is nócha míle euro i dtáillí stiúrthóireachta ó sé cinn d'eagraíochtaí stáit agus neamhstáit idir an bhliain dhá mhíle agus dhá mhíle is a deich. Dúirt sí gur thóg[iii] sí an cinneadh na sonraí a fhoilsiú ar a suíomh idirlín mar go raibh sí sásta a seanmóireacht féin a chleachtadh maidir le bheith oscailte.

Sheol an Taoiseach Enda Kenny feachtas toghchánaíochta Gay Mitchell agus d'iarr ar lucht tacaíochta Fhine Gael tacú leis. Dúirt Gay Mitchell féin gur faoin gcéad Uachtarán eile a cheart a bheadh sé a bheith i gceannas ar na hullmhúcháin do chomóradh céad bliain 1916.

I ráiteas a d'eisigh[iv] Martin McGuinness, dúirt sé gur poist[v] agus infheistíocht is mó a bheidh sé féin ag díriú air dá dtoghfaí é ina Uachtarán.

Dúirt an t-iarrthóir neamhspleách eile Seán Gallagher go raibh brón air go raibh an oiread sin cainte ar chonspóidí a bhain le litreacha trócaire David Norris agus cúlra Martin McGuinness.

Agus, i mbun stocaireachta i Nás na Rí, chosain an Seanadóir David Norris arís inniu an ról a bhí aige féin in iarracht saoránacht Éireannach a fháil dá iar-pháirtí.

I ráiteas ó Dana, bhí sí ar aon aigne le Seán Gallagher, agus i bhfabhar post roinnte[vi] i dtreo go sábhálfaí airgead don cháiníocóir agus don phobal[vii]

Dúirt an t-iarrthóir Mícheál D. Ó hUigínn go gcaithfí díriú ar dhaoine sa tír gan dídean. Imreoidh[viii] baill an Oireachtais in aghaidh uiséirí na Dála chun airgead a bhailiú do dhaoine gan dídean.

---

[i] *feachtasaíochta a* deirtear
[ii] *den bhfeachtas* a deirtear
[iii] *go dtóg* a deirtear
[iv] *eisigh* a deirtear
[v] *postanna* a deirtear
[vi] *Is é atá i gceist ná go mbeadh eolas faoi gach iarrthóir ar na bileoga eolais céanna a sheolfar go dtí gach teach in Éirinn.*
[vii] *don gcáiníocóir agus don bpobal* a deirtear
[viii] *cluiche peile* atá i gceist